# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

20 Nollaig 2021

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí


Clár


II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10536 — TOTALENERGIES / THREE GORGES CORPORATION / JV) ([1]) ..... 1

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Chomhairle**

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Sláinte Eorpach a neartú ..... 2

Cinneadh ón gComhairle an 23 Samhain 2021 lena gceaptar comhalta amháin de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ..... 12


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

* Faoin tagairt C 512I a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

## (Cás M.10536 — TOTALENERGIES / THREE GORGES CORPORATION / JV)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2021/C 512 I/01)

An 14 Nollaig 2021, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32021M10536. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Sláinte Eorpach a neartú

(2021/C 512 I/02)

### Réamhrá

Tá comhrac na paindéime COVID fós ar cheann de phríomhthosaíochtaí na cruinne agus cúrsaí sláinte curtha go hard aige ar chlár oibre na geopholaitíochta, na slándála agus na heacnamaíochta. Tá sé curtha chun suntais ag an ngéarchéim nach mór don Aontas gona Bhallstáit, tráth éigeandála sláinte, a gcuid sásraí ullmhachta agus freagartha a chomhordú ar bhealach níos comhordaithe, agus an méid sin a bheith ina chuid den iarracht is leithne ná sin atá ar bun chun oibriú le chéile ar mhaithe le hAontas Sláinte Eorpach níos láidre agus níos athléimní a thógáil, agus a gcion á dhéanamh ag na Ballstáit, i gcomhar le tíortha nach iad, chun an tsláindáil sláinte dhomhanda a fheabhsú.

I gcomhthéacs an Aontais, tá a tromlorg féin fágtha ag an bpaindéim ar thosaíochtaí an chreata airgeadais ilbhliantúil: táthar tar éis breis maoinithe a chur ar fáil, mar shampla, do chúrsaí sláinte leis an gclár nua EU4Health ([1]), leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ([2]), le Fís Eorpach ([3]), agus le cistí an Bheartais Comhtháthaithe ([4]). Gabhann idir dheis agus fhreagracht leis an maoiniú breise sin: é a úsáid ar bhealach níos straitéisí d'fhonn acmhainneachtaí an Aontais a neartú agus a áirithiú go mbeidh pé infheistíochtaí a dhéanfar sna córais sláinte ag teacht tosaíochtaí náisiúnta na mBallstát.

Tháinig brú ollmhór ar chórais sláinte na hEorpa i ngeall ar an bpaindéim ach léirigh siad a gcumas nuáil agus modhnú a dhéanamh tráth a raibh riachtanais ag éabhlóid ach dálaí áirithe a bheith á sásamh. Féach mar shampla an méadú nach beag atá tagtha ar úsáid an teili-leighis le linn na paindéime, rud a léiríonn nach fál go haer aon chonstaic dá thoirtiúla féin é. Bíodh sin mar atá, ba chóir don Aontas – trí chiall cheannaithe a bhaint as ar foghlaimíodh le linn na paindéime – dálaí níos fearr a chruthú chun freagairt ar pé dúshláin a thiocfaidh amach anseo agus chun réitigh nuálacha a éascú ar mhaithe le córais sláinte an Aontais (lena n-áirítear an r-shláinte) a neartú.

Déanfaidh infheistíochtaí straitéiseacha leanúnacha comhordaithe i bhfeabhsú na gcóras sláinte a n-athléimneacht a neartú agus an cúram sláinte a optamú feasta. Cé go bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le gleic na ndúshláin reatha sláinte agus na ndúshlán a bheidh ann amach anseo, baineann ríthábhacht freisin leis na córais sláinte ó thaobh fhorbairt na sochaí agus an gheilleagair ar fud na hEorpa.

([1]) Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ("an Clár EU4Health") don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE) (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

([3]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1), https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/health-research-and-innovation/coronavirus-research-and-innovation_en, https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/health-research-and-innovation/coronavirus-research-and-innovation/financing-innovation_en

([4]) https://ec.europa.eu/regional_policy/en/2021_2027/

Is maith an mana againn paindéim COVID-19 go háirithe ó tharla méadú ag teacht i gcaitheamh an ama ar an bhfrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach. Léirigh an phaindéim reatha dúinn freisin gurb í bunchloch na hullmhachta agus na hathléimneachta ag Aontas Sláinte Eorpach táirgí íocshláinte inacmhainne inrochtana a bheith ar fáil, rud a aithnítear sa Straitéis Chógaisíochta don Eoraip ([5]).

Ós rud é gur galair neamhthógálacha 87 % d'ualach galrachta an Aontais ([6]), agus i bhfianaise an tionchair a d'fhág an suaitheadh a tharla de bharr COVID-19 ar na córais cúraim sláinte, ní mór cothú na sláinte a neartú a thuilleadh agus cosc agus cóireáil galair neamhtheagmhálacha amhail ailse a threisiú freisin. Tá Plean Sáraithe Ailse na hEorpa ([7]) ar cheann de na croí-cholúin a bheidh ag Aontas Sláinte Eorpach láidir. Téann sé i ngleic le gach céim de chonair na ngalar, ó chosc go caighdeán beatha othar agus marthanóirí ailse, agus díríonn sé ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le roinnt de na réimsí beartais. Beidh cur chun feidhme an phlean ina rannchuidiú chun an treo atá faoin ailse ar fud an Aontais – é ag treisiú leis – a aisiompú; beidh sé ina rannchuidiú freisin le todhchaí níos sláintiúla, níos cothroime, níos inbhuanaithe a bhaint amach do chách, i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ([8]).

Chuir an phaindéim i dtreis a thuilleadh gur gá ról an Aontais i réimse na sláinte domhanda a mhéadú agus a áirithiú go mbíonn an tAontas agus na Ballstáit ag labhairt d'aon ghuth. Chomh maith le dáileadh níos cothroime ar vacsaíní, ba cheart díriú láithreach ar neartú na gcóras sláinte ar fud an domhain i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Ba cheart an cheannaireacht a léireoidh an tAontas i réimse na sláinte domhanda a bheith níos láidre agus bunaithe ar ár láidreachtaí, amhail luachanna comhroinnte agus córais sláinte atá láidir go traidisiúnta.

**An tAontas Sláinte Eorpach a neartú trí bhíthin réitigh nuálacha do chórais sláinte athléimneacha**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. MEABHRAÍTEAR DI go luaitear in Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go mbeidh gníomhaíocht an Aontais ina comhlánú ar na beartais náisiúnta, go spreagfaidh sí an comhar i réimse na sláinte poiblí i measc na mBallstát agus, más gá, go mbeidh sí ina taca ag gníomhaíocht na mBallstát.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go luaitear in Airteagal 168 CFAE go ndéanfaidh gníomhaíocht an Aontais freagrachtaí na mBallstát maidir le eagrú agus soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim leighis a urramú; foráiltear freisin in Airteagal 168 CFAE nach mór ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais.

3. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle maidir le Córais Sláinte atá Nua-aimseartha, Freagrúil agus Inbhuanaithe a foilsíodh an 8 Iúil 2011 ([9]) agus na Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhar Deonach faoi stiúir na mBALLSTÁT a spreagadh idir na Córais Sláinte atá acu, a foilsíodh an 30 Meitheamh 2017 ([10]).

4. MEABHRAÍTEAR DI Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ([11]) ó 2017 agus na 20 phrionsabal a ghabhann leis, lena n-áirítear an ceart chun rochtain thráthúil do chách ar chúram sláinte inacmhainne coisctheach leigheasach ardchaighdeáin.

5. MEABHRAÍTEAR DI Athbhreithniú Bliantúil an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) 2020 ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta ([12]) (SPPM) agus forbairtí i mbeartais cosanta sóisialta lena gcuirtear chun suntais gur cheart neartú athléimneachta, éifeachtachta agus rochtana ar na córais sláinte a bheith mar phríomhfhócas i gcónaí sna iarrachtaí ó na Ballstáit. Léirigh an ghéarchéim an luach atá le líontáin láidre sábháilteachta, mar aon leis an tábhacht straitéiseach a bhaineann le comhordú éifeachtúil idir córais shóisialta agus córais cúraim sláinte chun rochtain ar chúram ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách.

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún "Straitéis Chógaisíochta don Eoraip", (COM/2020/761 final)
([6]) https://knowledge4policy.ec.europa.eu/health-promotion-knowledge-gateway/eu-burden- non-communicable-diseases-key-risk-factors_en
([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún, Plean Sáraithe Ailse na hEorpa (COM/2021/44 final)
([8]) https://sdgs.un.org/goals
([9]) IO C 202, 8.7.2011, lgh. 10.
([10]) IO C 206, 30.6.2017, lgh. 3.
([11]) https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/economy-works-people/jobs-growth- and-investment/european-pillar-social-rights/european-pillar-social-rights-20-principles_en
([12]) https://socialprotection.org/discover/publications/2020-spc-annual-review-social-protection- performance-monitor-sppm-and

6. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile ([13]), a foilsíodh an 24 Deireadh Fómhair 2019, ina gcuirtear in iúl go bhfuil Geilleagar na Dea-Bhaile bunaithe ar bheartas eacnamaíoch fónta inbhuanaithe. Le Geilleagar na Dea-Bhaile, cuirtear chun suntais a thábhachtaí atá sé go n-infheistítear i mbearta agus i struchtúir beartais cothroma, éifeachtúla, éifeachtacha lena n-áirithítear rochtain do chách ar sheirbhísí poiblí, lena n-áirítear seirbhísí sláinte agus sóisialta, cúram fadtéarmach, cúram réamhbhreithe, bearta sláinte agus coisctheacha a chur chun cinn, cosaint shóisialta chomh maith le hoideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus comhdheiseanna, comhionannas inscne agus cuimsiú sóisialta is ciall dó.

7. MEABHRAÍTEAR DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le córais sláinte éifeachtacha, inrochtana agus athléimneacha ([14]) a glacadh an 4 Aibreán 2014, an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gclaochlú digiteach ar shláinte agus ar chúram sa Mhargadh Aonair Digiteach ([15]) a glacadh an 25 Aibreán 2018, an Moladh ón gCoimisiún maidir le formáid Eorpach um Malartú Leictreonach ar Thaifead Sláinte ([16]) a glacadh an 6 Feabhra 2019, agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hAontas Sláinte Eorpach a thógáil ([17]) a glacadh an 11 Samhain 2020.

8. MEABHRAÍTEAR DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ciall cheannaithe ó luathchéim phaindéim COVID-19 ([18]) a glacadh ar an 15 Meitheamh 2021, ina léirítear go mbraitheann an cumas déileáil le paindéim ar infheistíocht leanúnach mhéadaithe i gcórais sláinte.

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Chomhdháil Ardleibhéil maidir le Réitigh Nuálacha Cur Chun Feidhme do Chórais Athléimneacha Sláinte ([19]) a tionóladh an 15 agus an 16 Iúil 2021, inar leagadh amach an gá atá le hinfheistíochtaí straitéiseacha i gcórais sláinte agus na deiseanna do chomhar méadaithe i measc an Aontais Eorpaigh, na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Nóta Beartais maidir le Tacaíocht Eorpach chun Córais Sláinte agus Cúraim a Fheabhsú ([20]) ina ndéantar cur síos ar roinnt uirlisí de chuid an Aontais lena bhféadfar tacú le neartú na gcóras sláinte. Leagtar amach ann gur gnách uirlisí éagsúla an Aontais a chomhcheangal le cuspóirí éagsúla thar chéimeanna éagsúla den phróiseas athraithe, chun an úsáid is fearr a bhaint as na hionstraimí sin. Thairis sin, cuireann sí chun suntais gurb é dúshlán na mBallstát nach mór uirlisí éagsúla a chomhcheangal i.e. a bheith ar an eolas faoi uirlisí éagsúla agus a n-acmhainneacht chun tacú le córais sláinte, mar aon leis an dúshlán a bhaineann le cuspóirí agus próisis a ailíniú le cuspóirí sláinte agus le ceanglais uirlisí éagsúla.

11. IARANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— malartuithe deonacha leanúnacha ([21]) a éascú agus a spreagadh maidir le nuálaíocht sa chóras sláinte, agus é mar aidhm ag an nuálaíocht sin eolas a roinnt, agus foghlaim a dhéanamh go frithpháirteach d'fhonn bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht agus tacú le gníomhaíochtaí beartais náisiúnta bunaithe ar riachtanais na mBallstát;

— athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas lena ndéantar meastóireacht, leathadh, agus cur i bhfeidhm ar an dea-chleachtas agus ar réitigh nuálacha, d'fhonn a gcur i bhfeidhm agus a dtionchar a optamú, mar is iomchuí;

— an comhar i measc na mBallstát a éascú agus a spreagadh ar mhaithe le piarmheastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar réitigh nuálacha;

— plé a spreagadh maidir le cur chuige straitéiseach chun athléimneacht na gcóras sláinte a neartú, agus aosú an daonra agus an ngá atá le beartais ar feadh an tsaoil a chur chun cinn á gcur san áireamh, ag fóraim sláinte na mBallstát atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, amhail an Grúpa Saineolaithe um Measúnú ar Fheidhmíocht na gCóras Sláinte (HSPA) ([22]) agus an Grúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn Sláinte, um Ghalair a Chosc agus a Bhainistiú i ndáil le Galair Neamhthógálacha ([23]);

([13]) https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-13432-2019-INIT/en/pdf
([14]) COM/2014/0215 final
([15]) COM/2018/233 final
([16]) IO L 39, 11.2.2019, lch. 18.
([17]) COM/2020/724 final
([18]) COM/2021/380 final
([19]) https://slovenian-presidency.consilium.europa.eu/en/events/implementing-innovative-solutions-for-resilient-health-systems/?__cf_chl_jschl_tk__=pmd_xB8ySgWRhCPB9APPyxuc2HlH9iJM7fwAsb9nU5FePVk-1629875480-0-gqNtZGzNAmWjcnBszQ1l
([20]) https://slovenian-presidency.consilium.europa.eu/media/0qonoilq/policybrief_slovenia_inside_pages_v2.pdf
([21]) https://ec.europa.eu/health/state/voluntary_exchanges_en
([22]) https://ec.europa.eu/health/systems_performance_assessment/policy/expert_group_en
([23]) https://ec.europa.eu/health/non_communicable_diseases/steeringgroup_promotionprevention_en

— leanúint den obair a bhíonn ar bun ag an nGrúpa Saineolaithe faoi Mheasúnú Feidhmíochta na gCóras Sláinte (HSPA) agus cur léi san obair atá ar siúl aici feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar cé mar a neartófar éifeachtacht an chúraim, ar cé mar a mhéadófar inrochtaineacht, ar cé mar a fheabhsófar caighdeán an chúraim agus na sábháilteachta a bhíonn le fáil ag othair, agus féachaint ar acmhainneacht an ghrúpa sin maidir le haghaidh a thabhairt ar dhearcaí straitéiseacha i leith na nuálaíochta agus an chlaochlaithe sa chóras sláinte;

— leanúint den chomhar rathúil idir na Ballstáit i réimse na sláinte digití, amhail an Líonra rShláinte ([24]), agus an comhar sin a spreagadh a thuilleadh, ar mhaithe le tacú le himscaradh níos leithne ar réitigh dhigiteacha agus ar sheirbhísí digiteacha a bhfuil acmhainneacht shoiléir acu chun éifeachtacht, inrochtaineacht agus athléimneacht na gcóras sláinte a neartú, agus urraim don phríobháideacht á háirithiú ag an am céanna;

— úsáid na hIonstraim Tacaíochta Teicniúla ([25]) agus sásraí eile de chuid an Aontais a spreagadh agus a chur chun cinn ionas tabhairt faoi athchóirithe d'fhonn athléimneacht na gcóras sláinte a fheabhsú, lena n-áirítear trí bhíthin na nuálaíochta;

— tacú le taighde agus comhpháirtíochtaí comhoibríocha i measc na mBallstát maidir le córais sláinte agus cúraim a athrú ó bhonn chun straitéisí, beartais agus bealaí nuálacha a fhorbairt chun cúram a sholáthar agus sláinte an daonra a chothabháil;

— comhar agus comhpháirtíochtaí a spreagadh, i gcás inar gá, le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chuirfidh tacaíocht shaineolach ar fáil d'anailís na gcóras sláinte, d'fhorbairt nuálaíochta, do chomhroinnt eolais agus do chur chun feidhme réiteach nuálach;

— tacú le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta agus iad ag iarraidh an tsláinte a chur chun cinn agus teagmháil a dhéanamh le grúpaí leochaileacha.

12. IARANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— comhordú na gclár agus na mbeartas ar fud an Aontais a neartú chun tacú ar bhealach níos éifeachtaí le cur chun feidhme athchóirithe ar na córais sláinte náisiúnta le gach sásra de chuid an Aontais atá ar fáil;

— féachaint an bhféadfaí seirbhís chomhairleach ina bhfuil pointe aonair rochtana a chur ar fáil chun cabhrú leis na Ballstáit, arna iarraidh sin, cistí, sásraí agus ionstraimí de chuid an aontais a bharrfheabhsú chun tacú le pleanáil, maoiniú agus cur chun feidhme na n-athruithe ina gcórais cúraim sláinte;

— na deiseanna maidir le fothú acmhainneachta gairmithe atá ag obair ar chórais sláinte a chur chun cinn agus tacú leo, go háirithe iad siúd atá ag luathchéimeanna a ngairmréime; ba cheart go méadódh na deiseanna a gcuid eolais agus scileanna maidir le bainistiú agus maoiniú an chórais sláinte, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hathléimneacht na gcóras sláinte agus cur chuige na hAon Sláinte Amháin a neartú.

**An tAontas Sláinte Eorpach a neartú: feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar infhaighteacht táirgí íocshláinte agus feistí leighis**

13. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cruinniú comhpháirteach de Stiúrthóirí an Aontais um Beartas Cógaisíochta agus den Choiste Cógaisíochta ([26]) a tionóladh an 8 agus an 9 Iúil 2021. Leagadh béim sa chruinniú sin ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar infhaighteacht táirgí íocshláinte, go háirithe i gcás ina bhféadfadh easpa leasa tráchtála a bheith ann, mar a bheadh i gcás ábhar frithmhiocróbach áirithe, nó i gcás cuspóir táirgí íocshláinte atá cineálach nó níos sine a bheith á athrú san oinceolaíocht.

14. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle maidir le Rochtain ar chógais agus ar fheistí leighis le haghaidh Aontas níos Láidre agus Níos Athléimní ([27]), a glacadh an 15 Meitheamh 2021, agus an gá atá leis na cuspóirí go léir a leagtar amach iontu a mheas.

15. Is DÍOL SÁSAIMH DI Clár EU4Health, ina leagtar amach freagairt uaillmhianach ar an bpaindéim agus ar athléimneacht na gcóras cúraim sláinte, go háirithe an maoiniú atá ar fáil don earnáil chun a áirithiú go mbeidh cógais agus feistí leighis ar fáil, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus chun slándáil an tsoláthair a áirithiú.

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag feabhsú inrochtaineachta, forbartha agus infhaighteachta iarphaitinne agus ábhar frithmhiocróbach nua, agus táirgí íocshláinte iarphaitinne ar athraíodh a gcuspóir san oinceolaíocht, chomh maith le radaiteiripe agus teicneolaíocht leighis, ar éifeachtacht agus ar athléimneacht na gcóras sláinte, cé go bhfuil sé tábhachtach úsáid stuama iomchuí na n-ábhar frithmhiocróbach go léir a chur chun cinn.

([24]) https://ec.europa.eu/health/ehealth/policy/network_en
([25]) https://ec.europa.eu/info/overview-funding-programmes/technical-support-instrument-tsi_en
([26]) https://ec.europa.eu/health/documents/pharmaceutical-committee/human-meeting_en
([27]) IO C 269 I, 7.7.2021, lgh. 3.

17. CUIREANN SÍ I dTREIS gur ábhar tosaíochta iad inrochtaineacht agus infhaighteacht ábhar frithmhiocróbach, ó thaobh nuálaíocht a spreagadh agus aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna le ganntanais agus le haistarraingt ábhar frithmhiocróbach atá ann cheana, teacht ar bhealaí chun a áirithiú go n-úsáidfear iad ar bhealach stuama iomchuí, agus chun déileáil le teipeanna sa mhargadh.

18. AITHNÍONN SÍ gur cheart tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte iarphaitinne a formheasadh cheana féin, lena n-áirítear i réimse na hoinceolaíochta, i gcás ina bhfuil acmhainneacht shuntasach neamhshaothraithe ann, mar bhealach féideartha le haghaidh táirgí íocshláinte éifeachtacha agus inacmhainne chun cóireáil a chur ar othair i réimsí nach bhfuil freastal déanta orthu, agus AITHNÍONN SÍ rannchuidiú tábhachtach na ngeallsealbhóirí neamhthráchtála, amhail institiúidí acadúla agus taighde agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha le baint amach na sprice sin.

19. TACAÍONN SÍ leis an tionscadal píolótach atá beartaithe maidir le creat athraithe cuspóra Rochtain Shábháilte agus Thráthúil ar Leigheasanna d'Othair (STAMP) ([28]) le haghaidh idirghníomhaíocht eagraíochtaí neamhbhrabúsacha le rialtóirí táirgí íocshláinte agus le sealbhóirí údaruithe margaíochta mar bhealach chun taithí agus faisnéis luachmhar a fháil chun comhairle a thabhairt de réir mar is gá maidir le haon chéimeanna ábhartha de chuid an Aontais lena n-éascófar athrú cuspóra táirgí íocshláinte iarphaitinne, lena n-áirítear na cinn siúd le haghaidh ailse.

20. Is DÍOL SÁSAIMH DI go bhforáiltear le Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac d'ardán den Aontas chun rochtain ar tháirgí íocshláinte ailse a fheabhsú chun tacú le hathrú cuspóra táirgí íocshláinte atá ann cheana.

21. ADMHAÍONN SÍ go gcuireann Aontas Sláinte na hEorpa, an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip, Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac, an tÚdarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i leith Éigeandálaí Sláinte a seoladh le déanaí agus an Spás Eorpach Sonraí Sláinte ([29]) a fógraíodh, go gcuireann siad deis ar fáil do ghníomhaíochtaí comhpháirteacha ar leibhéal an Aontais mar fhreagairt ar riachtanais sláinte poiblí; IARANN SÍ go mbeidh na Ballstáit rannpháirteach go leordhóthanach in obair HERA, agus sa "chéim ullmhachta" freisin.

22. AITHNÍONN SÍ na hábhair imní a cuireadh in iúl le linn an chruinnithe a bhí ag Cinn na nGníomhaireachtaí Leigheasra (HMA), a tionóladh faoi Uachtaránacht na Slóivéine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 15 agus an 16 Meán Fómhair 2021, i ndáil leis an nuashonrú a bhfuiltear ag súil leis ar na rialacha maidir le táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, agus i ndáil leis na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige sin do na húdaráis inniúla náisiúnta atá freagrach as táirgí íocshláinte. Ba iad na hábhair imní a cuireadh in iúl, *inter alia*, go laghdódh an togra maidir le táille bunaithe ar chostais na táillí láraithe ar leigheasra do dhaoine atá ann faoi láthair nuair atá acmhainní gann agus brú breise ann maidir le hionchur isteach sa chóras láraithe, nach léireodh sé luach na seirbhísí a sholáthraítear, go mbeadh sé bunaithe ar fhaisnéis atá as dáta, agus nach n-aithneofaí ach cuid de na costais arna dtabhú ag na húdaráis inniúla náisiúnta; IARANN SÍ ar an gCoimisiún an aird chuí a thabhairt ar na hábhair imní a cuireadh in iúl chun nach ndéanfar dochar d'údaráis inniúla náisiúnta agus chun córas rialála an Aontais do tháirgí íocshláinte a chosaint agus a neartú, lena n-áirítear rannchuidiú eolaíoch na n-údarás inniúil náisiúnta.

23. Tugann SÍ DÁ hAIRE an Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le ganntanas cógas – conas aghaidh a thabhairt ar fhadhb atá ag teacht chun cinn ([30]), ina luaitear "de bhrí gur cheart go gcumhdófaí le straitéis éifeachtúil bearta chun ganntanais cógas a mhaolú, ach bearta chun a áirithiú nach dtarlóidh a leithéid sa chéad áit freisin, ag féachaint ar na bunchúiseanna éagsúla a bhíonn le ganntanais", agus, i measc nithe eile, "ag tabhairt dá haire gur slí eile chun uathriail straitéiseach an Aontais sa tsláinte a áirithiú is ea táirgeadh cógaisíochta táirgí áirithe a áireamh i gclár IPCEI (Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne)" agus, *inter alia*, "á iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de ghnóthais chógaisíochta neamhbhrabúsacha Eorpacha a chruthú a bhíonn ag oibriú chun leas an phobail chun táirgí íocshláinte a mhonarú a bhfuil tábhacht sláinte agus straitéiseach leo le haghaidh cúram sláinte, in éagmais táirgeadh tionsclaíoch atá ann cheana, chun slándáil an tsoláthair a chomhlánú agus a ráthú agus chun aon ghanntanais cógas a d'fhéadfadh a bheith ann i gcásanna éigeandála a chosc"; Agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí scrúdú a dhéanamh freisin ar na tionscnaimh sin chomh maith le tionscnaimh eile a d'fhéadfadh a bheith sainaitheanta faoin Straitéis Chógaisíochta i gcomhthéacs soláthar táirgí íocshláinte a áirithiú i ngach Ballstát atá thíos le teipeanna margaidh ó thaobh soláthar táirgí íocshláinte. Áirítear leis sin táirgí íocshláinte a sholáthar i ndáil le géarchéimeanna sláinte ar scála cosúil le paindéim COVID-19 atá ann faoi láthair a láimhseáil amach anseo.

24. ADMHAÍONN SÍ gur féidir leis an Rialachán a bheidh ann amach anseo maidir leis an gcomhar i leith Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte a neartú tacú leis na Ballstáit agus cinntí á ndéanamh acu rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí nuálacha sláinte, agus go gcuirfidh sé feabhas a chur ar an gcomhar deonach comhlántach trasteorann.

([28]) https://ec.europa.eu/health/documents/pharmaceutical-committee/stamp_en
([29]) https://ec.europa.eu/health/ehealth/dataspace_en
([30]) https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2020-0228_EN.html

25. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach an rialachán maidir le feistí leighis ([31]) agus an rialachán maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* ([32]) a chur chun feidhme go héifeachtach chun a áirithiú go mbeidh feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* ar fáil agus iad ar ardchaighdeán, sábháilte agus dea-fheidhmiúil.

26. ADMHAÍONN SÍ go raibh ról ríthábhachtach ag feistis leighis agus ag feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* i bhfreagairt an Aontais ar an bpaindéim agus AITHNÍONN SÍ go raibh ar earnálacha na bhfeistí leighis agus na bhfeistí leighis diagnóiseacha *in vitro* aghaidh a thabhairt ar dúshláin nach bhfacthas a leithéidí riamh mar gheall ar phaindéim COVID-19, lenar ceanglaíodh níos mó feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* a bheith ar fáil ar fud an Aontais, agus ardleibhéal cosanta á áirithiú do shláinte agus do shábháilteacht na n-othar ag an am céanna.

27. Is DÍOL SÁSAIMH DI an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán 2017/746 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, i ndáil le forálacha idirthréimhseacha breise, le haghaidh feistí diagnóiseacha *in vitro* áirithe, mar fhreagairt thráthúil ar an iarraidh a rinneadh sna conclúidí ón gComhairle a glacadh ag Comhairle EPSCO i mí an Mheithimh 2021 ([33]).

28. MOLANN SÍ tograí beartais uaillmhianacha ón gCoimisiún agus réitigh nuálacha agus inbhuanaithe a bheidh ann amach anseo chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist shlándáil an tsoláthair, go háirithe maidir le táirgí íocshláinte níos sine, lena n-áirítear ábhair fhrithmhiocróbacha iarphaitinne agus táirgí íocshláinte oinceolaíocha.

29. TACAÍONN SÍ le comhar leanúnach idir na Ballstáit chun soláthar leordhóthanach agus rochtain leordhóthanach ar vacsaíní inacmhainne, ar tháirgí íocshláinte agus ar dhiagnóisic in aghaidh galair phaindéime amhail COVID-19 a áirithiú.

30. IARANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— bealaí a aimsiú chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar infhaighteacht táirgí íocshláinte, go háirithe ábhair fhrithmhiocróbacha agus táirgí íocshláinte ar athraíodh a gcuspóir chun cóireáil a chur ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu, i gcás ina gcuireann easpa leasa tráchtála bac ar a leithéidí;

— tacú le forbairt agus píolótú breise a dhéanamh ar shásra dreasachta “tarraingthe” le haghaidh soláthar antaibheathach san Aontas mar a moladh i nGníomhaíocht Chomhpháirteach an Aontais maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha agus Ionfhabhtuithe bainteach leis an gCúram Sláinte (EU-JAMRAI) ([34]) mar rogha atá le fiosrú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha a bhaineann le rochtain agus fáil mhall a bheith ar ábhair fhrithmhiocróbacha, chun tuiscint níos fearr a fháil ar na himpleachtaí atá ann do na Ballstáit, amhail tionchar na ndreasachtaí sin ar inbhuanaitheacht a gcóras sláinte, agus chun an fhéidearthacht go mbeadh tíortha taobh amuigh den Aontas páirteach ann a chinneadh, agus uathriail oscailte straitéiseach a bheith á coinneáil ag an am céanna d’amhábhair do leigheasanna agus feistí leighis;

— tacú le hoiliúint oibrithe sláinte in earnálacha an duine, na n-ainmhithe agus an chomhshaoil ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, i gcosc agus i rialú ionfhabhtuithe, in úsáid réasúnach antaibheathach agus i ndáil le diúscairt iomchuí dramhaíola antaibheathach, agus feasacht an phobail a chur chun cinn;

— bheith páirteach, laistigh de Líonra na nÚdarás Inniúil maidir le Praghsáil agus Aisíoc, i malartú dea-chleachtas chun rochtain ar tháirgí íocshláinte ar athraíodh a gcuspóir a bharrfheabhsú, go háirithe na táirgí sin atá ceaptha le freastal ar riachtanas leighis nach bhfuiltear ag freastal air go fóill;

— a áirithiú go ndéanfar comhar teicniúil seanbhunaithe maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte i measc údaráis na mBallstát a chur chun cinn ar bhealach éifeachtach tráthúil, i gcomhréir leis an gcur chuige atá á stiúradh ag na Ballstáit, agus a leagtar amach sa Rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte;

— machnamh a dhéanamh ar reachtaíocht a mholadh lena dtabharfar tacaíocht d’iarrachtaí athraithe cuspóra chun fianaise shoiléir a fháil maidir le sábháilteacht agus éifeachtúlacht an táirge íocshláinte, agus i gcásanna nach bhfuil aon leas díreach tráchtála ann chomh maith. Féadfar a áireamh sna ceanglais dhlíthiúla ar shealbhóirí údaruithe margaíochta athruithe ar lipéadú le haghaidh táirgí íocshláinte ar athraíodh a gcuspóir chun tásca breise a chumhdach tar éis measúnú dearfach a dhéanamh ar na sonraí cliniciúla arna gcur isteach ag tríú páirtithe;

([31]) Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle (téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 117, 5.5.2017, lgh. 1).

([32]) Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 117, 5.5.2017, lgh. 176).

([33]) Conclúidí ón gComhairle maidir le Rochtain ar chógais agus ar fheistí leighis le haghaidh Aontas níos Láidre agus níos Athléimní (OI C 269 I, 7 Iúil 2021, lgh. 3).

([34]) https://slovenian-presidency.consilium.europa.eu/media/gmulwi3x/policy-brief-improving- access-to-essential-antibiotics.pdf

— féachaint an bhféadfaí brath ar thrialacha oiriúnaitheacha ardán, dearaí trialacha nuálacha don taighde cliniciúil maidir le hathrú cuspóra chun na hiarrachtaí taighde chliniciúil a chomhlánú, lena n-áirítear trí fhíorfhianaise a chur san áireamh, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh na sonraí a ghintear i dtrialacha cliniciúla ar ardchaighdeán, iontaofa agus stóinsithe;

— féachaint an bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le cuspóir táirgí íocshláinte a athrú i dtásca péidiatraiceacha chun úsáid seachlipéid a sheachaint, ar mhaithe leis an bpobal fíorleochaileach sin;

— an rialachas a bhaineann le cur chun feidhme na rialachán nua maidir le feistí leighis agus le feistí leighis *in vitro* a neartú, agus an saineolas Eorpach sa réimse sin a fhorbairt ar mhaithe le hothair an Aontais.

31. IARANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— creat rialála cuimsitheach barrfheabhsaithe ó cheann go ceann a áireamh, ar tograí iad atá fianaisebhunaithe, iomlánaíoch agus a bheidh slán i bhfad na haimsire i gcomhthéacs na Straitéise Cógaisíochta don Eoraip, agus é mar aidhm leis feabhas a chur ar inacmhainneacht, infhaighteacht agus inrochtaineacht táirgí íocshláinte agus, go háirithe, ábhair fhrithmhiocróbacha, táirgí íocshláinte ardteiripe, pearsantaithe, teiripí d'othair (an) bheaga agus táirgí íocshláinte ar athraíodh a gcuspóir, agus inniúlacht na mBallstát á hurramú go hiomlán ag an am céanna;

— inniúlachtaí taighde chomhpháirteacha shonracha de chuid an Aontais a fhorbairt lena n-éascófaí comhar le hinstitiúidí taighde náisiúnta/acadúla freisin agus lena gcuirfí tacaíocht ar fáil chun ábhar frithmhiocróbach a fhorbairt don chleachtas cliniciúil bunaithe ar na torthaí taighde, agus lena neartófaí, ag an am céanna, úsáid líonraí trialacha cliniciúla ar fud an Aontais agus ardáin chomhroinnte sonraí agus, de réir mar is iomchuí, foghlaim ó e.g. tionscadal an tionscnaimh um chógais leighis nuálacha ENABLE ([35]);

— anailís a dhéanamh ar a bhfuil ag teastáil chun infhaighteacht agus forbairt cógas agus teiripí an lae inniu agus amach anseo a áirithiú laistigh den Aontas agus measúnú a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí agus na himpleachtaí margaidh a d'fhéadfadh a bheith ag baint le saoráidí monaraíochta a eagrú ar leibhéal an Aontais, chomh maith leis na socruithe airgeadais atá ann cheana, lena n-áirítear saoráidí monaraíochta seachbhrabúsacha atá maoinithe go poiblí, agus aird á tabhairt ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh an margadh a shaobhadh agus ar na srianta sainaitheanta, chun a áirithiú go mbeidh ábhair fhrithmhiocróbacha ar fáil i gcás easpa leasa tráchtála, nó i gcásanna éigeandála, agus measúnú á dhéanamh ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tionscnaimh eile a d'fhéadfadh a bheith ann agus atá sainaitheanta san obair faoin Straitéis Chógaisíochta, mar aon le sásraí a thacaíonn leis an nuálaíocht, as a n-eascraíonn modhanna monaraíochta ceannródaíocha a mbeadh táirgeadh inbhuanaithe cógas inacmhainne mar thoradh air;

— leanúint de thús áite a thabhairt do chur chun feidhme MDR agus IVDR, lena n-áirítear trí thacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do na Ballstáit, chun cur chun feidhme rianúil a áirithiú agus chun cur le hinrochtaineacht agus infhaighteacht feistí leighis agus IVDanna ar mhaithe le hothair an Aontais;

— aghaidh a thabhairt ar na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar iomaíochas thionscal cógaisíochta na hEorpa d'fhonn maolú a dhéanamh ar ábhair imní i dtaobh shlándáil an tsoláthair agus d'fhonn uathriail straitéiseach oscailte a chur chun cinn san Aontas, go háirithe chun APInna neamhphaitinne agus táirgí íocshláinte a tháirgeadh;

— machnamh a dhéanamh, i gcomhar leis na Ballstáit, agus aird á tabhairt freisin ar thorthaí threoirthionscadail chreat athrú cuspóra STAMP, ar chomhordaitheoir lárnach athrú cuspóra ar leibhéal an Aontais chun tacú leis an gcomhar agus leis an gcomhordú i measc na ngeallsealbhóirí éagsúla, agus chun cuidiú le forbairt na n-argóintí eolaíocha a theastaíonn chun formheas rialála a fháil le haghaidh táirgí íocshláinte atá neamhtharraingteach ó thaobh airgeadais de agus ar athraíodh a gcuspóir;

— machnamh a dhéanamh go sonrach ar an bhféidearthacht cuspóir riachtanais leighis nár freastalaíodh orthu a athrú i gcomhthéacs Spás Eorpach Sonraí Sláinte a fógraíodh, agus lántairbhe á baint as an intleacht shaorga iontaofa agus na Mórshonraí ar bhealach freagrach, agus é mar aidhm leis sin tacú le hiarrthóirí a roghnú ar bhealach a n-éireoidh leo;

— machnamh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí a chruthú chun cuspóir táirgí íocshláinte atá ann cheana a athrú, agus tacú leis na táirgí sin, trí bhailiú sonraí maidir le húsáid neamhlipéad táirgí íocshláinte in ailsí neamhchoitianta, lena n-áirítear ailsí péidiatraiceacha, a éascú i gcomhthéacs an Lárionaid Eolais maidir leis an Ailse ([36]).

([35]) https://www.imi.europa.eu/projects-results/project-factsheets/enable
([36]) https://knowledge4policy.ec.europa.eu/cancer_en

32. IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, AR AN nGNÍOMHAIREACHT EORPACH LEIGHEASRA AGUS AR CHOMHLACHTAÍ RANNPHÁIRTEACHA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— cur chun feidhme píolótú chreat athrú cuspóra STAMP atá pleanáilte a spreagadh, ar cuireadh moill air de bharr phaindéim COVID-19.

33. IARRANN SÍ AR NA hOIBREOIRÍ EACNAMAÍOCHA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— comhoibriú agus na sonraí atá ar fáil maidir le táirgí seilfithe nach bhfuil cosanta a thuilleadh ag paitinní le hinstitiúidí acadúla agus le heagraíochtaí seachbhrabúsacha a chomhroinnt ar mhaithe lena gcuspóir a athrú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu.

**Aontas Sláinte na hEorpa a neartú: sárú na hAilse**

34. MEABHRAÍTEAR DI go raibh tionchar diúltach ag na neamh-urrúis sláinte, eacnamaíocha agus sóisialta de bharr phaindéim COVID-19 ar mheabhairshláinte agus gur spreag siad nósanna maireachtála dochracha agus gur chuir siad isteach ar chláir maidir leis an tsláinte a chur chun cinn agus ar chláir choisc.

35. MEABHRAÍTEAR DI go raibh tionchar diúltach ag COVID-19 ar rochtain ar dhiagnóisiú luath agus ar chóireáil ailse tráth a raibh dianbhrú ar shaoráidí ospidéil. D'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith aige sin ar mhinicíocht agus ar mharthanas ailse.

36. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa chun an taoide in aghaidh ailse a chasadh agus aghaidh a thabhairt ar dheitéarmanaint sláinte tríd an gcur chuige "cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais". Is céim thábhachtach, uaillmhianach é an plean i dtreo Aontas Sláinte na hEorpa níos láidre agus i dtreo Aontas atá níos sláine, níos ullmhaithe agus níos athléimní.

37. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tacaíocht shuntasach atá ann chun an Plean a chur chun feidhme trí roinnt sásraí agus cláir airgeadais, amhail Clár EU4 Health, Fís Eorpach ([37]), an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar aon le Cistí don Bheartas Comhtháthaithe agus an Clár InvestEU.

38. IARANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— cur chun feidhme éifeachtach na ngníomhaíochtaí i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa a áirithiú, de réir mar is iomchuí, agus tacú leis na Ballstáit gníomhaíochtaí éifeachtacha chun rialú a dhéanamh ar ailse a chur chun feidhme, trí bhíthin ionstraimí agus uirlisí iomchuí;

— cur chuige cuimsitheach a ghlacadh maidir leis an tsláinte a chur chun cinn agus maidir le hailse a chosc, chun a áirithiú gur féidir le dea-chleachtais a fhorbraítear chun ailse a chosc agus a rialú dul chun tairbhe galar neamhthógálach eile;

— machnamh a dhéanamh ar thogra a thíolacadh le haghaidh nuashonrú a dhéanamh ar an moladh ón gComhairle maidir le scagthástáil ailse ([38]).

39. IARANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— comhoibriú go héifeachtach ar chur chun feidhme Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an maoiniú atá ar fáil ón Aontas;

— infheistíocht a dhéanamh i gcosc inbhuanaithe ar ailse trí aghaidh a thabhairt ar dheitéarmanaint sláinte ailse mar dhúshlán idirearnála trí "cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais" agus trí chur chuige "na hAon Sláinte Amháin"; idirghabhálacha atá costéifeachtach a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena ndírítear ar úsáid tobac, ar úsáid alcóil, ar neamhghníomhaíocht choirp agus ar aistí bia mífholláin trí ghníomhaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chomh maith le comhar a éascú idir na Ballstáit, gníomhaireachtaí atá ann cheana san Aontas agus fóraim amhail an Grúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn na Sláinte, Cosc Galar agus Bainistiú Galar Neamhtheagmhálach (SGPP);

— vacsaíniú, luathbhrath agus scagthástáil a chur chun cinn bunaithe ar fhianaise agus ar mholtaí Eorpacha maidir le dearbhú cáilíochta na gclár scagthástála;

— cuir chuige nuálacha a fhiosrú maidir leis an tsláinte a chur chun cinn agus maidir le gníomhaíochtaí coisctheacha a chomhtháthú mar chuid lárnach de sholáthar seirbhísí cúraim sláinte;

— ról gníomhach gairmithe sláinte, grúpaí othar agus eagraíochtaí neamhrialtais ábhartha eile agus geallsealbhóirí eile a spreagadh i bpróiseas cur chun feidhme Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa;

([37]) https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/funding/funding-opportunities/funding- programmes-and-open-calls/horizon-europe_en

([38]) IO L 327, 16.12.2003, lch. 34.

— cuir chuige chuimsitheacha a chur chun feidhme maidir leis na dúshláin atá os comhair an mharthanais a bhaineann le caighdeán saoil marthanóirí ailse, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí agus ar dhaoine fásta óga agus ag tagairt don cheart seanbhunaithe go ndéanfaí ligean i ndearmad;

— cur leis na conclúidí agus leis na moltaí ó Ghníomhaíocht Chomhpháirteach na Comhpháirtíochta Nuálaí um Ghníomhaíocht in aghaidh na hAilse (iPAAC) ([39]), de réir mar is iomchuí, sna gníomhaíochtaí atá le teacht maidir le cur chun feidhme Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa. Baineann sé sin go háirithe le moltaí do chláir scagthástála nua, le haghaidh moltaí nuashonraithe maidir le scagthástáil, tacair sonraí leasaithe i gclárlanna ailse daonra, cuir chuige maidir le cóireálacha casta le haghaidh ailse chomh maith le saincheisteanna rialachais, amhail ionaid chuimsitheacha ailse, táscairí cáilíochta, líonraí cuimsitheacha cúraim ailse agus conairí othar. Ba cheart líonraí agus saineolas atá ann cheana amhail an Líonra Tagartha Eorpach (ERN) a chur san áireamh chun dúbailt agus forluí a sheachaint;

— an comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit a neartú trí ghníomhaíochtaí trasearnála lena gcruthaítear naisc idir cuspóirí na gcóras sláinte agus cuspóirí na gcóras bia atá inbhuanaithe agus sláintiúil. Is é an aidhm choiteann atá againn cothú sláintiúil a áirithiú agus laghdú a dhéanamh ar ghalair neamhthógálacha a bhaineann le haiste bia i gcomhréir le cuspóirí Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa agus le moltaí ón nGníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le Cur Chun Feidhme Dea-Chleachtais Bailíochtaithe sa Chothú (BestReMap) ([40]);

— comhoibriú chun soláthar raidiseatóp míochaine sa todhchaí a áirithiú, chun a bheith neamhthuilleamaíoch san Aontas agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an leighis núicléach chun othair Eorpacha a bhfuil ailse orthu a dhiagnóisiú agus a chóireáil i gcomhréir leis an Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an gClár Oibre Straitéiseach maidir le Feidhmeanna Leighis, Tionsclaíochta agus Taighde na Teicneolaíochta Núicléiche agus Radaíochta (SAMIRA) ([41]) a glacadh an 5 Feabhra 2021. Tá cur chuige níos comhordaithe agus cistiú inbhuanaithe na hacmhainneachta maidir le táirgeadh na hEorpa thar a bheith tábhachtach i bhfianaise an bhonneagair táirgthe Eorpaigh atá ag dul in aois.

**An tAontas Sláinte Eorpach a neartú: Ról an Aontais Eorpaigh sa tSláinte Dhomhanda**

40. MEABHRAÍTEAR DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Ról an Aontais sa tSláinte Dhomhanda ([42]) in 2010 lenar bunaíodh dlisteanacht láidir an Aontais gníomhú maidir le sláinte dhomhanda i ngeall ar an ról ceannasach atá aige sa trádáil idirnáisiúnta, i rialachas comhshaoil domhanda agus i gcúnamh forbartha, chomh maith leis na luachanna agus an taithí atá aige maidir le cúram sláinte uilíoch agus cothrom.

41. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle maidir le ról an Aontais i neartú na hEagraíochta Domhanda Sláinte ([43]) a foilsíodh an 24 Samhain 2020 inar leagadh amach tiomantas an Aontais agus a Bhallstát ról ceannaireachta a ghlacadh sa tsláinte dhomhanda, agus ag an am céanna tacú leis an ról ceannaireachta agus comhordúcháin atá ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i réimse na sláinte domhanda.

42. MEABHRAÍTEAR DI gur iarradh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le COVID-19 a glacadh an 25 Bealtaine 2021 ([44]) go gcuirfí dlús leis an obair chun rochtain dhomhanda chothrom ar vacsaíní COVID-19 a áirithiú agus gur thacaigh sí le ról ceannasach COVAX i ndáil leis sin.

43. MEABHRAÍTEAR DI gur díol sásaimh don Chomhairle Eorpach, ag an gcruinniú a bhí aici an 24 agus an 25 Meitheamh 2021 ([45]), an cinneadh a ghlac an 74ú Comhthionól Domhanda Sláinte chun seisiún speisialta den Chomhthionól Domhanda Sláinte a chur ar bun i mí na Samhna 2021 inar díríodh ar na buntáistí a bhaineann le coinbhinsiún EDS, comhaontú nó ionstraim idirnáisiúnta eile maidir le hullmhacht agus freagairt paindéime a fhorbairt.

44. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tuarascáil chríochnaitheach ón gCoimisiún Uile-Eorpach maidir le Sláinte agus Forbairt Inbhuanaithe: Léas dóchais ón bpaindéim: Straitéis nua don tsláinte agus don fhorbairt inbhuanaithe ([46]) a tíolacadh i mí Mheán Fómhair 2021 agus a chuspóir infheistíocht a dhéanamh i gcórais sláinte náisiúnta a bheidh láidir, athléimneach agus cuimsitheach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin torthaí agus moltaí tábhachtacha an phainéil

([39]) https://www.ipaac.eu/en/about/
([40]) https://bestremap.eu/
([41]) https://ec.europa.eu/energy/sites/default/files/swd_strategic_agenda_for_medical_ionising_radiation_applications_samira.pdf
([42]) COM/2010/0128 final
([43]) IO C 400, 24.11.2020, lgh. 1.
([44]) https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2021/05/25/european-council-conclusions-24-25-may-2021/
([45]) https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2021/06/25/european-council- conclusions-24-25-june-2021/
([46]) https://www.euro.who.int/en/health-topics/health-policy/european-programme-of-work/pan- european-commission-on-health-and-sustainable-development/publications/drawing-light- from-the-pandemic-a-new-strategy-for-health-and-sustainable-development-2021

neamhspleách um ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí, an Coiste Athbhreithnithe do na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta, an Coiste neamhspleách maoirseachta agus comhairleach do Chlár Éigeandálaí Sláinte EDS agus Painéal Neamhspleách Ardleibhéil G20 maidir le Maoiniú na gComhchoitinní Domhanda don Ullmhacht agus don Fhreagairt Phaindéimeach, a rinne gach uile cheann acu ionchur agus moltaí a bhí luachmhar chun feabhas a chur ar an ullmhacht agus ar an bhfreagairt phaindéimeach agus chun an ailtireacht dhomhanda slándála sláinte a neartú.

45. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Chomhdháil maidir le ról an Aontais a neartú i gcomhthéacs na sláinte domhanda ([47]), a tionóladh an 25 Márta 2021. Leagadh amach sa chomhdháil an gá atá le straitéis iomlánaíoch, chuimsitheach agus chomhordaithe, chomh maith le tábhacht na dlúthpháirtíochta domhanda mar fhreagairt ar bhagairtí comhchoiteanna.

46. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Chomhdháil maidir le "Ról an Aontais Eorpaigh i Neartú na hAthléimneachta i ndáil le Córais Sláinte" a tionóladh an 20 Deireadh Fómhair 2021, inar leagadh amach na deiseanna agus an gá atá le córais sláinte a athneartú go straitéiseach ar fud an domhain.

47. IARANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

— tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an tAontas, i gcomhthéacs Aontas Sláinte na hEorpa níos láidre, cur chuige níos straitéisí a ghlacadh i dtaca leis an tsláinte dhomhanda, lena n-áirítear trí Ghníomhaíocht Chomhpháirteach nua a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an tsláinte dhomhanda;

— ról ceannaireachta a léiriú sa tsláinte dhomhanda, agus sa chaibidlíocht iarphaindéime ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear trí ionstraim thábhachtach maidir le hullmhacht agus freagairt paindéime a chaibidil;

— féachaint ar conas tuilleadh feabhais a chur ar na sásraí comhordúcháin atá ann cheana chun tacú le malartú rialta faisnéise, agus go háirithe idir an tAontas agus ionadaithe na mBallstát agus saineolaithe atá bunaithe sna príomhchathracha náisiúnta, an Bhruiséil, an Ghinéiv agus Nua-Eabhrac, chun go bhféadfar comhar a dhéanamh chun seasaimh an Aontais maidir le saincheisteanna sláinte a bhunú ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil;

— comhoibriú a spreagadh maidir le saincheisteanna neamhshláinte a bhfuil tionchar acu ar an tsláinte dhomhanda agus ar fholláine an daonra, lena n-áirítear plé téamach ar shaincheisteanna trasearnála atá ábhartha don tsláinte dhomhanda;

— deiseanna oideachais i réimse na sláinte domhanda agus na taidhleoireachta sláinte domhanda a chur chun cinn agus tacú leo;

— comhar níos dlúithe agus rannpháirtíocht ghníomhach geallsealbhóirí ábhartha a spreagadh, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chun rannchuidiú leis an tsláinte dhomhanda, lena n-áirítear slándáil sláinte agus "cur chuige na Sláinte Aonair" cuimsitheach;

— úsáid sásraí agus ionstraimí an Aontais atá ann cheana amhail EU4 Health a spreagadh, chun ról an Aontais sa tSláinte Dhomhanda a neartú agus chun tairbhe a bhaint as comhar idirnáisiúnta, go háirithe i réimse na hullmhachta agus na freagartha paindéime, lena n-áirítear frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha;

— athbhreithniú a ullmhú ar shásraí agus ar ionstraimí trína dtacaíonn an tAontas, na Ballstáit agus na gníomhaithe neamhstáit le neartú na gcóras sláinte ar fud an domhain chun cabhrú le bearnaí a shainaithint agus ról an Aontais sa tsláinte dhomhanda agus sa tslándáil sláinte a fheabhsú;

— leanúint agus spreagadh a thabhairt do chomhpháirtíochtaí agus do líonraí lena gcuirtear tacaíocht ar fáil chun córais sláinte a neartú ar fud an domhain i dtéarmaí ullmhachta, fothú acmhainneachta, cur chun cinn na sláinte, taighde agus forbairt sláinte, agus sláinte dhigiteach;

— meabhrú a thábhachtaí atá sé dúbailt agus forluí neamhriachtanach le hobair gníomhaithe agus institiúidí idirnáisiúnta eile a sheachaint agus comhleanúnachas agus comhlántacht leis na sásraí agus na tionscnaimh atá ann cheana a áirithiú.

([47]) https://www.2021portugal.eu/en/events/conference-on-strengthening-the-role-of-the-eu-in- the-context-of-global-health/

**CINNEADH ÓN GCOMHAIRLE**

**an 23 Samhain 2021**

**lena gceaptar comhalta amháin de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia**

(2021/C 512 I/03)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta maidir le cúrsaí sábháilteachta bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(1) de,

Ag féachaint do liosta na n-iarrthóirí a chuir an Coimisiún Eorpach faoi bhráid na Comhairle i litir dar dáta an 14 Iúil 2021,

Ag féachaint do na tuairimí a chuir Parlaimint na hEorpa in iúl i litir dar dáta an 18 Deireadh Fómhair 2021,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé ríthábhachtach neamhspleáchas, ardcháilíocht eolaíoch, trédhearcacht agus éifeachtúlacht an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia a áirithiú. Ina theannta sin, tá sé fíor-riachtanach comhar an Údaráis sin leis na Ballstáit a áirithiú.

(2) Ceanglaítear le hAirteagal 25(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 go mbeadh taithí ag ceathrar comhaltaí de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ar a bheith ag obair le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile sa bhiashlabhra. Chuaigh téarma oifige comhalta amháin de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ag a raibh an taithí sin aige in éag an 30 Meitheamh 2021. Dá bhrí sin, ba cheart comhalta nua a bhfuil taithí aige ar a bheith ag obair le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile sa bhiashlabhraí a chur in ionad an chomhalta sin.

(3) Scrúdaíodh liosta na n-iarrthóirí a thíolaic an Coimisiún d'fhonn go gceapfar an comhalta nua de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ar bhonn na doiciméadachta a sholáthair an Coimisiún agus i bhfianaise na dtuairimí a chuir Parlaimint na hEorpa in iúl. Is é is aidhm dó sin go n-áiritheofar an caighdeán is airde inniúlachta, raon leathan saineolais ábhartha agus, ag teacht leo sin, an dáileadh geografach is leithne is féidir laistigh den Aontas.

(4) Foráiltear le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) go rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia a bheidh in oifig an 30 Meitheamh 2022 in éag an dáta sin. Dá bhrí sin ba cheart an folúntas a líonadh ar feadh téarma oifige dar críoch an 30 Meitheamh 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Marija CERJAK mar chomhalta de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don tréimhse ón 23 Samhain 2021 seo go dtí an 30 Meitheamh 2022.

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 1829/2003, (CE) Uimh. 1831/2003, (CE) Uimh. 2065/2003, (CE) Uimh. 1935/2004, (CE) Uimh. 1331/2008, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) 2015/2283 agus Treoir 2001/18/CE (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Samhain 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. DOVŽAN

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA